# Meitheal Forbartha na hEacnamaíochta Baile – Cruinniú 10

## Cur Síos Gairid

**Dáta:** An 9 Deireadh Fómhair 2025

| Eacnamaíocht Bhaile na Sraithe Sinsearaí | Cruinniú na Meithle Forbartha<br>Cur Síos Gairid |
|---|---|
| **Mír ar an gClár** | **Nótaí** |
| **Fáilte, focail tosaigh agus forbhreathnú ar an lá** | D'oscail an Cathaoirleach an cruinniú ag cur fáilte mhór roimh gach ball. Léadh na miontuairiscí agus breathnaíodh ar na nithe a d'éirigh astu. |
| **Aiseolas ar Shnáithe 3** | Rinne baill athbhreithniú ar Shnáithe 3 d'fhonn plé a dhéanamh ar shoiléire, ionchuimsitheacht agus ailíniú ar fud na sonraíochta. Díríodh an plé ar an inneachar a mhionchoigeartú, le laghdú ar an bhforluí, agus le fócas cothrom praiticiúil a chinntiú laistigh de na torthaí foghlama, rud a chinnteodh dearcadh soiléir Eacnamaíocht Bhaile i leith na foghlama. |
| **Aiseolas ar an Snáithe Aontaitheach** | Rinne baill plé ar an Snáithe Aontaitheach a mhionchoigeartú d'fhonn an chomhsheasmhacht, praiticiúlacht agus inrochtaineacht a neartú ar fud na sonraíochta. Leag siad béim ar an tábhacht a bheadh le fócas níos soiléire ar an bhfoghlaim fheidhmeach, ar theanga shimplithe agus ar leagan amach soiléir. |
| **Measúnú** | Phléigh baill múnla féideartha le haghaidh comhpháirt mheasúnaithe sa bhreis. Dhírigh na baill aird ar a thábhachtaí a bheadh sé measúnú a dhéanamh ar an bhfoghlaim phraiticiúil in aon mhúnla féideartha le haghaidh an CMB san Eacnamaíocht Bhaile, agus iad, san am céanna, ag leagan béim ar a riachtanaí a bheadh sé cur chuige cothrom cothromasach scoláire-lárnach a choimeád. Ar na nithe ar breithníodh orthu, bhí ailíniú leis na torthaí foghlama, comhsheasmhacht i dtaca leis an CMB a chur i bhfeidhm ó shuíomh go suíomh agus iontaofacht, cothroime, bailíocht agus inoibritheacht aon mhúnlaí féideartha measúnaithe a chinntiú.<br><br>Tugadh le fios go bhféadfadh sé, dá mbeifí le gné bhríoch phraiticiúil a chailliúint, go mbeadh impleachtaí ann i dtaca le rannpháirtíocht na scoláirí agus roghnú an ábhair.<br><br>Léirigh baill gur mhian leo go mbeadh scrúdú ar scileanna praiticiúla bia ach d'aithin an gá a bheadh le plé breise ar a |

| | |
|---|---|
| | indéanta a bheadh a leithéid de chur chuige le haghaidh Eacnamaíocht Bhaile na hArdteistiméireachta |
| **Na chéad chéimeanna eile agus an chéad chruinniú eile** | Thug an Cathaoirleach agus an Feidhmeannach forbhreathnú ar sceideal na gcruinnithe. Ansin, rinne an Cathaoirleach machnamh ar an obair a rinneadh agus ghabh sé buíochas leis na baill as bheith i láthair agus as an méid a rinne siad.<br><br>**An chéad chruinniú eile: Dé Céadaoin, an 12 Samhain 2025** |